



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Teastas Sóisearach 2017

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Matamaitic

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Clár na nÁbhar

Leathanach

Páipéar 1

| | |
|---|---|
| Struchtúr na scéime marcála | 4 |
| Achoimre ar leithroinnt na marcanna agus ar na scálaí atá le cur i bhfeidhm | 5 |
| Réitigh shamplacha agus nótaí marcála | 6 |

Páipéar 2

| | |
|---|----|
| Struchtúr na scéime marcála | 23 |
| Achoimre ar leithroinnt na marcanna agus ar na scálaí atá le cur i bhfeidhm | 24 |
| Réitigh shamplacha agus nótaí marcála | 25 |

| | |
|--|----|
| Marcanna breise as ucht freagairt trí Ghaeilge | 42 |
|--|----|

Páipéar 1

Struchtúr na scéime marcála

Déantar freagraí na n-iarrthóirí a mharcáil de réir scálaí éagsúla, ag brath ar na cineálacha freagra a bhfuiltear ag súil leo. I gcás scálaí a bhfuil an lipéad A orthu, roinntear freagraí na n-iarrthóirí ina dhá chatagóir (ceart agus mícheart). I gcás scálaí a bhfuil an lipéad B orthu, roinntear na freagraí ina dtrí ghrúpa (ceart, ceart i bpáirt, agus mícheart), agus mar sin de. Tá achoimre le fáil sa tábla seo a leanas ar na scálaí agus ar na marcanna a leanann astu ar an scrúdpháipéar seo:

| Lipéad an scála | B | C | D |
|--------------------|----------|--------------|-----------------|
| Líon na gcatagóirí | 3 | 4 | 5 |
| Scála 5 mharc | 0, 2, 5 | 0, 2, 3, 5 | 0, 2, 3, 4, 5 |
| Scála 10 marc | 0, 5, 10 | 0, 5, 7, 10 | 0, 4, 6, 8, 10 |
| Scála 15 mharc | | 0, 8, 11, 15 | 0, 7, 9, 12, 15 |

Tugtar tuairisceoir ginearálta anseo thíos le haghaidh gach pointe ar gach scála. Más gá, tá teoracha níos sonraí le fáil sa scéim féin maidir leis an tslí chun na scálaí a léiriú i gcomhthéacs gach ceiste.

Scálaí marcála – tuairisceoirí leibhéil

A-scálaí (dhá chatagóir)

- freagra mícheart (creidiúint ar bith)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

B-scálaí (trí chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (creidiúint ar bith)
- freagra ceart i bpáirt (páirtchreidiúint)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

C-scálaí (ceithre chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (creidiúint ar bith)
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin (páirtchreidiúint íseal)
- freagra beagnach ceart (páirtchreidiúint ard)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

D-scálaí (cúig chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (creidiúint ar bith)
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin (páirtchreidiúint íseal)
- tuairim is an leathchuid den fhreagra ceart (páirtchreidiúint mheánach)
- freagra beagnach ceart (páirtchreidiúint ard)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

I gcásanna áirithe, ar cásanna iad, de ghnáth, ina ndéantar uimhreacha a shlánú go mícheart, ina bhfághtar aonaid ar lár, ina ndéantar míléamh nach róshimplíonn an obair, nó ina ndéantar earráid uimhríochta nach róshimplíonn an obair, féadfar marc a thabhairt chomh maith atá aon mharc amháin faoi mharc na creidiúna iomláine. Tugtar *Creidiúint Iomlán –1* ar an leibhéal creidiúna sin agus sainítear na cineálacha sin earráidí le réiltín (*). Dá bhrí sin, mar shampla, i Scála 10C, féadfar *Creidiúint Iomlán –1* de 9 marc a thabhairt.

Ní fhéadfar marc ar bith a thabhairt seachas na marcanna sin ar an scála cuí, agus *Creidiúint Iomlán –1*.

Go ginearálta, glac le hobair iarrthóra i gcuid amháin de cheist lena húsáid i gcodanna ina dhiaidh sin den cheist mura róshimplíonn sé sin an obair lena mbaineann.

Achoimre ar leithroinnt na marcanna agus ar na scálaí atá le cur i bhfeidhm

Ceist 1 (25)

- (a) 15D
- (b) 10C

Ceist 2 (20)

- (a) 15D
- (b) 5C

Ceist 3 (15)

- (a) 5C
- (b), (c) 10D

Ceist 4 (15)

- (a), (b)(i) 10D
- (b)(ii) 5C

Ceist 5 (25)

- (a), (b) 15C
- (c) 10D

Ceist 6 (35)

- (a) 15C
- (b) 5B
- (c) 15D

Ceist 7 (5)

- (a), (b) 5D

Ceist 8 (30)

- (a), (b) 15D
- (c) 5D
- (d) 10D

Ceist 9 (25)

- (a) 10C
- (b) 5C
- (c) 10D

Ceist 10 (10)

- (a) 5B
- (b), (c) 5D

Ceist 11 (20)

- (a) 10C
- (b) 10C

Ceist 12 (35)

- (a) 5C
- (b) 5C
- (c) 10B
- (d) 5D
- (e) 10D

Ceist 13 (15)

15D

Ceist 14 (20)

- (a), (c) 10D
- (b) 5B
- (d) 5B

Ceist 15 (5)

5B

Réitigh Shamplacha agus Nótaí Marcála

Tabhair do d'aire: Níl sé i gceist gur liostaí iomlána atá sna réitigh shamplacha ar gach ceist ar leith— d'fhéadfadh sé tarlú go bhfuil réitigh chearta eile ann. Aon scrúdaitheoir atá éiginnte faoi bhailíocht chur chuige aon iarrthóra ar leith i gceist áirithe, ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh lena Scrúdaitheoir Comhairleach.

| C1 | Réiteach Samplach – 25 Marc | Nótaí Marcála |
|-----|--|--|
| (a) | <p>(i) $\text{BMI} = \frac{77.5}{(1.63)^2}$ $= 29.169\dots$ $= 29.2$ [1 ionad deachúil]</p> <p>(ii) $w = \text{BMI} \times h^2$ $= 24 \times (1.63)^2$ $= 63.76\dots$ $= 63.8 \text{ [kg]}$ [1 ionad deachúil]</p> | <p>Scála 15D (0, 7, 9, 12, 15)</p> <p>Glac le freagraí cearta gan obair. Glac le freagra ceart gan aonaid in (ii).</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Obair lena ngabhann fiúntas i gcuid amháin, mar shampla: ionadú éigin ceart isteach in (i) nó (ii). <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> (i) ceart. Obair lena ngabhann fiúntas in (i) agus (ii). <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Cuirtear 77.5 agus 1.63 in ionad a chéile ach críochnaítear i gceart. (ii) ceart. (i) ceart agus obair lena ngabhann fiúntas i (ii). <p><i>Creidiúint Iomlán – 1</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Cuir * le slánú mícheart an chéad uair a tharlaíonn sé. |
| (b) | <p><i>Freagra:</i> níos lú ná ceann Jo</p> <p><i>Cosaint – glac le:</i> Tá Alex ag roinnt na líne bairr céanna is atá Jo ag roinnt faoi uimhir níos mó.</p> <p style="text-align: center;">NÓ</p> $\frac{w}{(h + 0.10)^2} < \frac{w}{h^2}$ <p style="text-align: center;"><i>nó cosaint bhailí ar bith</i></p> | <p>Scála 10C (0, 5, 7, 10)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Freagra ceart. Obair lena ngabhann fiúntas sa chosaint, mar shampla: iarrachtaí ionadú a dhéanamh i luachanna faoi leith le seiceáil <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Freagra ceart le hobair lena ngabhann fiúntas sa chosaint. Cosaint go hiomlán ceart. <p><i>Creidiúint Iomlán – 1</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Cuir * má thugtar an freagra mar “Tá BMI Jo níos mó ná ceann Alex” |


| C2 | Réiteach Samplach – 20 Marc | Nótaí Marcála |
|-----|---|---|
| (a) | <p>Brabús = $49 - 25 = €24$</p> <p>(i) Marcáil suas = $\frac{24}{25} \times 100 = 96$ [%]</p> <p>(ii) Corrlach = $\frac{24}{49} \times 100$ = $48.9\dots$ = 49 [%] [% is gaire]</p> | <p>Scála 15D (0, 7, 9, 12, 15)</p> <p>Glac le freagraí cearta gan obair.</p> <p>Glac le freagra ceart gan comhartha % (96 agus 49).</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas in (i) nó (ii), mar shampla $49 - 25$; nó rud éigin $\times 100$. <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas in (i) agus (ii). • (i) nó (ii) ceart. <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuid amháin ceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile. • An dá cheann ceart mar dheachúlacha seachas mar chéatadáin (0.96 agus 0.49). • Ríomhtar Corrlach in (i) agus Marcáil suas in (ii). <p><i>Creidiúint Iomlán – 1</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuir * le haghaidh slánú mícheart in (ii) |
| (b) | <p>Marcáil suas = $50\% = 0.5 = \frac{\text{Brabús}}{\text{Costas}}$</p> <p>$\Rightarrow B = 0.5C$</p> <p>$\Rightarrow$ Praghas Díola (D) = $C + B = 1.5C$</p> <p>\Rightarrow Corrlach = $\frac{B}{D} = \frac{0.5C}{1.5C} = \frac{1}{3}$ = 33 [%] [% is gaire]</p> <p style="text-align: center;">NÓ</p> <p>$\frac{\frac{x}{2}}{x + \frac{x}{2}} \times 100 = \frac{1}{3} \times 100$ = $33\frac{1}{3}$ = 33 [%] [% is gaire]</p> | <p>Scála 5C (0, 2, 3, 5)</p> <p>Glac le freagra ceart gan obair.</p> <p>Glac le freagra ceart gan comhartha % (33).</p> <p>Glac le cosaint ag úsáid luachanna ar leith.</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Baintear úsáid ábhartha as 50%, mar shampla: 150%, or 1.5, nó $C = 2B$. <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • $\frac{1}{3}$, nó 0.33, nó $0 \cdot \dot{3}$ <p><i>Creidiúint Iomlán – 1</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuir * le haghaidh slánú mícheart, mura cuireadh i bhfeidhm cheana é in (a)(ii) |



| C3 | Réiteach Samplach – 15 Mharc | Nótaí Marcála |
|-------------|---|--|
| (a) | $868 \text{ milliún} = 868 \times 10^6$ $= 8.68 \times 10^2 \times 10^6$ $= 8.68 \times 10^8$ | <p>Scála 5C (0, 2, 3, 5)</p> <p>Glac le freagra ceart gan obair.</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair éigin lena ngabhann fiúntas, mar shampla: 1 000 000, nó 8.68. <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Luach ceart ach ní thugtar san fhoirm cheart é, mar shampla: 868 000 000, nó 868×10^6 • 8.68×10^2 nó 8.68×10^6 |
| (b), (c) | <p>(b) $1.3 \text{ soic} \Rightarrow 380\,000 \text{ km}$</p> <p>$1 \text{ soic} \Rightarrow \frac{380\,000}{1.3} \text{ km}$</p> <p>$1 \text{ nóim} \Rightarrow 60 \times \frac{380\,000}{1.3} \text{ km}$</p> <p>$= 1.75 \times 10^7 \text{ [km/nóim]}$</p> <p>[2 ionad dheachúla]</p> <p>(c) $\frac{8.68 \times 10^8}{1.75 \times 10^7} = 49.6 \text{ [nóiméid]}$</p> | <p>Scála 10D (0, 4, 6, 8, 10)</p> <p>Glac le freagraí cearta gan aonaid.</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Ríomh ábhartha éigin in (b) nó (c). <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • (b) nó (c) ceart. • Ríomh ábhartha éigin in gceacht de (b) agus (c). <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuid amháin ceart agus ríomh ábhartha éigin sa chuid eile. • Freagraí ceart gan obair thacaíocht ar bith in (c) <p><i>Creidiúint Iomlán – 1</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuir * le haghaidh slánú mícheart in (b). • Cuir * in (c) má bhain an t-iarrthóir úsáid as luachanna in (c) seachas a bhfreagra ó (b). |

| C4 | Réiteach Samplach – 15 Mharc | Nótaí Marcála |
|----------------|---|--|
| (a), (b)(i) | <p>(a) $£0.7241 = €1.00$</p> <p>$£1 = € \frac{1}{0.7241}$</p> <p>$£380 = € \frac{380}{0.7241}$</p> <p>$= €524.789 \dots$</p> <p>$= [€]524.79$ [2 Ionad dheachúla]</p> <p>(b)(i) $3 + 7 = 10$</p> <p>\Rightarrow Sú in <i>Fruitex</i> $= \frac{3}{10} \times 20$</p> <p>$= 6$ [lítir]</p> | <p>Scála 10D (0, 4, 6, 8, 10)</p> <p>Glac le freagraí cearta gan obair. Glac le freagraí cearta gan aonaid.</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Ríomh ábhartha éigin in (a) nó (b). <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • (a) nó (b) ceart. • Ríomh ábhartha éigin in (a) agus (b). <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Ceachtar de (a) nó (b) ceart agus ríomh éigin ábhartha sa chuid eile. <p><i>Creidiúint Iomlán – 1</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuir * le haghaidh slánú mícheart in (a). • Cuir * in (b)(i) má fuarthas an méid uisce (14 lítear), nó má fuarthas 6 agus 14 ach nach dtugtar an freagra. |
| (b)(ii) | <p>$7 + 8 = 15$</p> <p>\Rightarrow Sú i meascán $= \frac{7}{15} \times 60$</p> <p>$= 28$ lítir</p> <p>\Rightarrow Sú in <i>Juicy</i> $= 28 - 6 = 22$ lítir</p> <p>\Rightarrow Uisce in <i>Juicy</i> $= 40 - 22 = 18$ lítir</p> <p>\Rightarrow Cóimheas an tsú leis an uisce in <i>Juicy</i> lítir</p> <p>$= 22:18$</p> <p>$= 11:9$</p> <p style="text-align: center;">NÓ</p> <p>$7:8 = 15$ [Cóimheas sa mheascán]</p> <p>$\Rightarrow 28:32 = 60$ [Lítir sa mheascán]</p> <p>$- \underline{614}$ [Lítir in <i>Fruitex</i>]</p> <p>$= 22:18$ [Cóimheas in <i>Juicy</i>]</p> <p>$= 11:9.$ [Cóimheas in <i>Juicy</i>]</p> | <p>Scála 5C (0, 2, 3, 5)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena mbaineann fiúntas ag baint úsáid as an gcóimheas ceart, mar shampla: $7 + 8$ <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Faightear 22 lítear nó 18 lítear • Freagra ceart gan obair <p><i>Creidiúint Iomlán – 1</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuir * le haghaidh cóimheasa nach bhfuil san fhoirm is simplí. |

| C5 | Réiteach Samplach – 25 Marc | Nótaí Marcála |
|-------------|--|---|
| (a), (b) | (a)(i) $20 + (5 \times 12) = [\text{€}] 80$ (a)(ii) $[\text{€}] 20 + 12n$ (b) $[\text{€}] 15 + 6n$ | <p>Scála 15C (0, 8, 11, 15)</p> <p>Glac le freagraí cearta gan obair. Glac le freagraí cearta gan aonaid.</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas i gcuid amháin de na trí chuid, mar shampla: in (a)(i): ríomh ábhartha amháin; in (a)(ii): $7 + 12n$ (comhéifeacht n ceart), nó $20 + 9n$ (tairiseach ceart) <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas in (a)(ii) agus (ii). • (a)(ii) nó (b) ceart |

| C5 | Réiteach Samplach – 25 Marc | Nótaí Marcála |
|-----|--|--|
| (c) | <p>Léirthuisicint 1, Modh 1:</p> $\frac{1}{4}(12n + 20) + \frac{2}{3}(6n + 15) = 200$ $3n + 5 + 4n + 10 = 200$ $7n + 15 = 200$ $7n = 185$ $n = \frac{185}{7} = 26.4 \dots$ <p>i.e. 27 [seachtainí]</p> <p style="text-align: center;">NÓ</p> <p>Léirthuisicint 1, Modh 2:</p> <p>Pete: Tosaítear le 5, móide 3 gach seachtain</p> <p>Maeve: Tosaítear le 10, móide 4 gach seachtain</p> <p>San iomlán: Tosaítear le 15, móide 7 gach seachtain</p> $\frac{200-15}{7} = 26.4 \dots$ <p>i.e. 27 [seachtainí]</p> <p style="text-align: center;">NÓ</p> <p>Léirthuisicint 2, Modh 1:</p> <p>Pete: $\frac{1}{4}(12n + 20) = 200$</p> $12n + 20 = 800$ $n = 65 \text{ [seachtainí]}$ <p>Maeve: $\frac{2}{3}(6n + 15) = 200$</p> $12n + 30 = 600$ $n = 47.5$ <p>i.e. 48 [seachtainí]</p> <p style="text-align: center;">NÓ</p> <p>Léirthuisicint 2, Modh 2:</p> <p>Pete: Tosaítear le 5, móide 3 gach seachtain</p> $\frac{200-5}{3} = 65 \text{ [seachtainí]}$ <p>Maeve: Tosaítear le 10, móide 4 gach seachtain</p> $\frac{200-10}{4} = 47.5$ <p>i.e. 48 [seachtainí]</p> <p style="text-align: center;">NÓ</p> <p>Ceachtar Léirthuisicint, Modh 3:</p> <p>Réiteach trí thriail is feabhsú.</p> | <p>Scála 10D (0, 4, 6, 8, 10)</p> <p>Glac le freagra ceart gan aonaid.</p> <p>Glac le réiteach a bhaineann úsáid as léirthuisicint 1 nó léirthuisicint 2.</p> <p>Má úsáidtear triail is feabhsú, caithfidh obair thacaíochta a bheith leis le taispeáint gurb é an líon is lú seachtainí is leor an freagra.</p> <p>Caith leis an réiteach mar cheann ina bhfuil 4 chéim:</p> <p>Céim 1: Leagtar amach an slonn cheart do Pete nó do Maeve.</p> <p>Céim 2: Leagtar amach na sloinn chearta do Pete agus do Maeve; NÓ Réitítear i gceart do Pete nó do Maeve.</p> <p>Céim 3: Na codáin dailte i gceart i gcothromóid(i).</p> <p>Céim 4: Cothromóid(i) réitithe i gceart.</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • 1 chéim ceart. • $12n + 20 + 6n + 15 = 200$ réitithe i gceart. • $12n + 20 = 200$ agus $6n + 15 = 200$ réitithe i gceart. <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • 2 chéim ceart. <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • 3 chéim ceart. • An freagra ceart, ach gan obair thacaíochta le taispeáint gurb é an líon is lú seachtainí is leor. <p><i>Creidiúint Iomlán – 1</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuir * le haghaidh slánú mícheart / slánú ar bith. • Cuir * má chuirtear $\frac{1}{4}$ agus $\frac{2}{3}$ in aonad a chéile. |

| C6 | Réiteach Samplach – 35 Marc | Nótaí Marcála |
|-----|---|---|
| (a) |  | <p>Scála 15C (0, 8, 11, 15)</p> <p>Glac le freagra ceart gan obair.</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • 2 chuid ceart <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • 4 chuid ceart, ina gcaithfear ceann amháin de W amháin nó de S amháin a bheith ann, i gcomhthéacs x |
| (b) | $36 + 10 + 16 + (30 - x) = 80$ $92 - x = 80$ $x = 12$ | <p>Scála 5B (0, 2, 5)</p> <p>Glac le freagra ceart gan obair.</p> <p><i>Páirtchreidiúint</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla: úsáid éigin ábhartha de 80 nó x, nó réitítear cothromóid líneach i gceart |
| (c) | <p>S1: tá an 3 aip ar fad ag 8 daltaí</p> <p>S2: $24 = \#(I \cap S)$</p> <p>S3: tá Instagram amháin ag 10 daltaí, nó a choibhéis</p> <p>S4: $\#S > \#W$</p> | <p>Scála 15D (0, 7, 9, 12, 15)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas i gceann amháin de na ceithre ráiteas. <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • 2 ráiteas ceart. <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • 3 ráiteas ceart. <p><i>Creidiúint Iomlán – 1</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuir * le haghaidh # ar lár, uair amháin ar a mhéad. |

| C7 | Réiteach Samplach – 5 Mharc | Nótaí Marcála |
|-------------|---|--|
| (a), (b) | <p>(a) <i>Dhá thacar ar bith A agus B a fhágann go bhfuil $A \subset B$, mar shampla:</i> $A = \{1,2,3\}$; $B = \{1,2,3\}$</p> <p style="text-align: center;">NÓ</p>  <p style="text-align: center;"><i>nó sampla bailí ar bith eile</i></p> <p>(b) <i>Dhá thacar ar bith P agus Q a fhágann go bhfuil $P \cap Q = \{\}$, mar shampla:</i> $P = \{1,2,3,4\}$; $Q = \{5,6,7,8\}$</p> <p style="text-align: center;">NÓ</p>  <p style="text-align: center;"><i>nó sampla bailí ar bith eile</i></p> | <p>Scála 5D (0, 2, 3, 4, 5)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena mbaineann fiúntas in (a) nó (b), mar shampla in (a), léirítear tuiscint ar thacar istigh go hiomlán i dtacar níos mó; in (b), léirítear tuiscint ar thacair chomheisiacha, nó míniú éigin ar cad atá fágtha i P i ndiaidh Q a bhaint <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • (a) nó (b) ceart. • Obair lena ngabhann fiúntas in (a) agus (b) araon. <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • (a) nó (b) ceart, agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile. |

| C8 | Réiteach Samplach – 30 Marc | Nótaí Marcála |
|-------------|--|---|
| (a), (b) | <p>(a) Freagra: <i>Leictreo</i> Cúis: Gearrann sé an y-ais ag $(0, 0)$</p> <p style="text-align: center;">NÓ</p> <p style="text-align: center;">$b(x)$ tosaíonn sé ag 50 nó cúis bhailí ar bith eile</p> <p>(b) Fearann: $0 \leq x \leq 1000$ Raon: $50 \leq l(x) \leq 325$</p> | <p>Scála 15D (0, 7, 9, 12, 15) Glac le 0, 1000 agus 50, 325 in (b)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Obair lena mbaineann fiúntas in (a) nó (b), mar shampla: in (a), freagra nó cúis ceart; in (b), fearann nó raon ceart ach sa bhosca mícheart; nó péire luachanna i gceachtar bosca agus an t-uasluach nó an t-íosluach ceart. <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Obair lena ngabhann fiúntas in (a) agus (b) araon. (a) nó (b) ceart. <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> (a) nó (b) ceart, agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile. <p><i>Creidiúint Iomlán – 1</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Cuir * le 275 tugtha mar an raon in (b) |
| (c) | <p>(i) $100 < x < 800$</p> <p style="text-align: center;">NÓ</p> <p style="text-align: center;">“Idir 100 agus 800”</p> <p style="text-align: center;">NÓ</p> <p style="text-align: center;">(100, 800)</p> <p>(ii) “Tá <i>“Breo</i> níos saoire má bhíonn an líon aonad a úsáideadh idir an dá luach sin.”</p> <p style="text-align: center;"><i>nó míniú bailí ar bith eile</i></p> | <p>Scála 5D (0, 2, 3, 4, 5) Glac le lamháltas ± 20 in (i)</p> <p>Tabhair do d’aire go gcaithfidh an freagra in (i) a bheith i bhfoirm bhailí.</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Obair lena ngabhann fiúntas in (i) nó (ii), mar shampla: in (i), 100 nó 800 léirithe ar ghraf; cuid ábhartha den ghraf léirithe; in (ii), míniú lena ngabhann fiúntas éigin. <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> (i) nó (ii) ceart. Obair lena ngabhann fiúntas in (i) agus (ii). <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> (i) nó (ii) ceart, agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile. |

| C8 | Réiteach Samplach – 30 Marc | Nótaí Marcála |
|-----|---|---|
| (d) | <p>(i) Fána $= \frac{325-50}{1000-0}$ $= \frac{275}{1000}$ nó 0.275 nó $\frac{11}{40}$</p> <p>(ii) “Tagann méadú €0.275 ar chostas an leictreachais do gach méadú aon aonaid ar úsáid.” <i>nó míniú bailí ar bith eile</i></p> | <p>Scála 10D (0, 4, 6, 8, 10)</p> <p>Glac le: “cosnaíonn gach aonad €0.275”, nó a choibhéis, in (ii)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas in (i) nó (ii), mar shampla: in (i), úsáidtear léaráid chun tuiscint ar an bhfána a léiriú; nó $\frac{\text{Méadú}}{\text{Bonnfhad}}$ le haonadú éigin; nó $\frac{11}{20}$; in (ii), míniú lena ngabhann fiúntas éigin. <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • (i) nó (ii) ceart. • Obair lena ngabhann fiúntas in (i) agus (ii). <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • (i) nó (ii) ceart, agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile. |




| C9 | Réiteach Samplach – 25 Marc | Nótaí Marcála | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---------------|---|--|-----|-----------------------------------|---|-----------------------------------|----|----|----|----|-----|------------|-----|-----|-----|----|---------------|-----|-----|----|-----|----|-----|----|----|-----|---|
| (a) | $x = \frac{-(-2) \pm \sqrt{(-2)^2 - 4(1)(-4)}}{2(1)}$ $x = \frac{2 \pm \sqrt{20}}{2}$ $x = 1 \pm \sqrt{5}$ | <p>Scála 10C (0, 5, 7, 10)</p> <p>Glac le “$1 + \sqrt{5}$ agus $1 - \sqrt{5}$”.</p> <p>Caith leis an réiteach mar cheann ina bhfuil 3 chéim:</p> <p>Céim 1: Léirítear a, nó b, nó c.</p> <p>Céim 2: Ionadú iomlán ceart isteach san fhoirmle chearnach.</p> <p>Céim 3: Meastar an fhoirmle chearnach.</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • 1 chéim <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • 2 chéim • Freagra ceart gan obair <p><i>Creidiúint Iomlán – 1</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuir * leis an bhfreagra ceart nach bhfuil i bhfoirm surda ($-1.236 \dots$ agus $3.236 \dots$) | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| (b) | $(c + \sqrt{d})^2$ $= (c + \sqrt{d}) \cdot (c + \sqrt{d})$ $= c^2 + c\sqrt{d} + c\sqrt{d} + (\sqrt{d})^2$ $= c^2 + 2c\sqrt{d} + d$ | <p>Scála 5C (0, 2, 3, 5)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • $(c + \sqrt{d}) \cdot (c + \sqrt{d})$ • c^2 • $c\sqrt{d}$ <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • $c^2 + c\sqrt{d} + c\sqrt{d} + (\sqrt{d})^2$ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| (c) | <table border="0"> <tr> <td></td> <td>N</td> <td>Z</td> <td>Q</td> <td>$\mathbb{R} \setminus \mathbb{Q}$</td> </tr> <tr> <td>16</td> <td>Tá</td> <td>Tá</td> <td>Tá</td> <td>Níl</td> </tr> <tr> <td>$\sqrt{6}$</td> <td>Níl</td> <td>Níl</td> <td>Níl</td> <td>Tá</td> </tr> <tr> <td>$\frac{2}{3}$</td> <td>Níl</td> <td>Níl</td> <td>Tá</td> <td>Níl</td> </tr> <tr> <td>-4</td> <td>Níl</td> <td>Tá</td> <td>Tá</td> <td>Níl</td> </tr> </table> | | N | Z | Q | $\mathbb{R} \setminus \mathbb{Q}$ | 16 | Tá | Tá | Tá | Níl | $\sqrt{6}$ | Níl | Níl | Níl | Tá | $\frac{2}{3}$ | Níl | Níl | Tá | Níl | -4 | Níl | Tá | Tá | Níl | <p>Scála 10D (0, 4, 6, 8, 10)</p> <p>Tabhair do d’aire go dteastaíonn 12 freagra.</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • 4 fhreagra ceart <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • 1 líne nó 1 cholún iomlán ceart <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • 2 líne nó 2 cholún iomlán ceart |
| | N | Z | Q | $\mathbb{R} \setminus \mathbb{Q}$ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 16 | Tá | Tá | Tá | Níl | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| $\sqrt{6}$ | Níl | Níl | Níl | Tá | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| $\frac{2}{3}$ | Níl | Níl | Tá | Níl | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| -4 | Níl | Tá | Tá | Níl | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

| C10 | Réiteach Samplach – 10 Marc | Nótaí Marcála |
|-------------|---|--|
| (a) | $2^{3+5+10} = 2^{18}$ | <p>Scála 5B (0, 2, 5)</p> <p>Glac le freagra ceart gan obair.</p> <p><i>Creidiúint ar bith</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Meastar an uimhir a tugadh. <p><i>Páirtchreidiúint</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas a bhaineann le hinnéacsanna, mar shampla: $18, 2^8, 2^{13}, 2^{15}$ |
| (b), (c) | <p>(b) $8^{25} = (2^3)^{25} = 2^{75}$</p> <p>(c) $\sqrt{8} = (2^3)^{\frac{1}{2}} = 2^{\frac{3}{2}}$ nó $2^{1.5}$</p> | <p>Scála 5D (0, 2, 3, 4, 5)</p> <p>Glac le freagra ceart gan obair don dhá chuid.</p> <p><i>Creidiúint ar bith</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Meastar an uimhir a tugadh. <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena mbaineann fiúntas i (b) nó (c) a bhaineann le hinnéacsanna, mar shampla: 8 scríofa mar 2^3 in (b) nó (c); nó fréamh chearnach scríofa mar chumhacht $\frac{1}{2}$ in (c). <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • (b) nó (c) ceart. • Obair lena ngabhann fiúntas in (b) agus (c) araon. <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • (b) nó (c) ceart, agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile. |

| C11 | Réiteach Samplach – 20 Marc | Nótaí Marcála |
|-----|---|---|
| (a) | $116 - 40 = 76$ $\frac{76}{4} = 19$ $40 - 19 = 21$ $40 + 19 = 59$, etc. Freagra: 21, 40, 59, 78, 97, 116 | Scála 10C (0, 5, 7, 10) Glac le freagra ceart gan obair. <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> <ul style="list-style-type: none"> Tugtar eolas faoi seichimh líneacha, mar shampla: $116 - 40$, nó léirítear comhbhreis. <i>Páirtchreidiúint Ard</i> <ul style="list-style-type: none"> Faightear nó úsáidtear 19. Úsáidtear $\frac{76}{n}$ (le haghaidh $n \in \mathbb{N}$, $n \neq 4$) agus críochnaítear i gceart ó cheann de na luachanna tugtha. |
| (b) | 1ú difríochtaí: 1, 3, 5, 8, 8, 11 2ú difríochtaí: 2, 2, 3, 0, 3 Ba chóir gurb ionann na 1ú difríochtaí agus: 1, 3, 5, 7, 9, 11, i.e. 2ú difríocht de 2. Freagra: 5, 6, 9, 14, 21, 30, 41 | Scála 10C (0, 5, 7, 10) Glac le freagra ceart gan obair. Glac le seicheamh ceart nach bhfuil scríofa i mboscaí freagraí. <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> <ul style="list-style-type: none"> Faightear an chéad 2 dhifríocht den seicheamh tugtha. <i>Páirtchreidiúint Ard</i> <ul style="list-style-type: none"> Faightear na 2ú difríochtaí ar fad den seicheamh tugtha. Tugtar 2 mar an 2ú difríocht cheart. |

| C12 | Réiteach Samplach – 35 Marc | Nótaí Marcála | | | | | | | | | |
|------|---|---|-----|------|-----|-------|-------|------|-------|------|--|
| (a) | $(n - 2)(n - 9)$ <p style="text-align: center;">NÓ</p> <table border="1" style="margin-left: auto; margin-right: auto;"> <tr> <td></td> <td>n</td> <td>-9</td> </tr> <tr> <td>n</td> <td>n^2</td> <td>$-9n$</td> </tr> <tr> <td>-2</td> <td>$-2n$</td> <td>18</td> </tr> </table> <p>mar sin $(n - 2)(n - 9)$</p> <p style="text-align: center;">NÓ</p> $n^2 - 11n + 18$ $= n^2 - 9n - 2n + 18$ $= n(n - 9) - 2(n - 9)$ $= (n - 9)(n - 2)$ | | n | -9 | n | n^2 | $-9n$ | -2 | $-2n$ | 18 | <p>Scála 5C (0, 2, 3, 5)</p> <p>Glac le freagra ceart gan obair.</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla: $(n - 2)$ nó $(n - 9)$, nó aon phéire fachtóirí 18, nó $n^2 - 9n - 2n + 18$. • Ionadú éigin ceart isteach san fhoirmle chearnach <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Fachtóirí a mhéadaítear le 2 chomhéifeacht chearta den slonn tugtha a thabhairt, lena n-áirítear na comharthaí, mar shampla: $(n + 2)(n + 9)$, nó $(n - 5)(n - 6)$. • $n(n - 9) - 2(n - 9)$ • Réitítear $n^2 - 11n + 18 = 0$ (gan fachtóiriú a dhéanamh). |
| | n | -9 | | | | | | | | | |
| n | n^2 | $-9n$ | | | | | | | | | |
| -2 | $-2n$ | 18 | | | | | | | | | |
| (b) | $y(w - 1) + 1(w - 1)$ $= (w - 1)(y + 1) \text{ nó } (1 - w)(-y - 1)$ <p style="text-align: center;">NÓ</p> $w(y + 1) - 1(y + 1)$ $= (y + 1)(w - 1) \text{ nó } (1 - w)(-y - 1)$ | <p>Scála 5C (0, 2, 3, 5)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla: comhfachtóir a shainithnítear ó shlonn atá tugtha <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • $w(y + 1) - 1(y + 1)$ • Freagra ceart gan obair | | | | | | | | | |
| (c) | $\frac{5}{3(4)-2} - \frac{7}{6(4)-12}$ $= \frac{5}{10} - \frac{7}{12}$ $= -\frac{5}{60} = -\frac{1}{12} \text{ nó } -0.083 \dots$ | <p>Scála 10B (0, 5, 10)</p> <p>Glac le freagra ceart gan obair</p> <p><i>Páirtchreidiúint</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • $3(4) - 2$ nó $6(4) - 12$ | | | | | | | | | |
| (d) | $\frac{(2e-3)(2e+3)}{(2e-3)(e+3)}$ $= \frac{(2e+3)}{(e+3)}$ | <p>Scála 5D (0, 2, 3, 4, 5)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas in uimhreoir nó ainmneoir <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Uimhreoir nó ainmneoir a fachtóiríodh i gceart <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Uimhreoir nó ainmneoir a fachtóiríodh i gceart, agus obair lena mbaineann fiúntas sa chuid eile | | | | | | | | | |

| C12 | Réiteach Samplach – 35 Marc | Nótaí Marcála | | | | | | | | | | | | |
|------|--|---------------|--------|-------|-----|-----|--------|---------|------|------|---------|-------|-------|--|
| (e) | <p>Modh 1:</p> $(x - 3)(ax^2 + bx + c)$ $= ax^3 + bx^2 + cx - 3ax^2 - 3bx - 3c$ <p>x^3 téarma: $a = 2$</p> <p>tairiseach: $c = 4$</p> <p>x^2 téarma: $b - 3a = -13$</p> $b = -13 + 3(2) = -7$ <p style="text-align: center;">NÓ</p> <p>Modh 2:</p> $2x^2 - 7x + 4$ $x - 3 \sqrt{2x^3 - 13x^2 + 25x - 12}$ $\begin{array}{r} 2x^3 - 6x^2 \\ -7x^2 + 25x - 12 \\ -7x^2 + 21x \\ \hline 4x - 12 \\ 4x - 12 \\ \hline 0 \end{array}$ $\Rightarrow a = 2, b = -7, c = 4$ <p style="text-align: center;">NÓ</p> <p>Modh 3:</p> <table border="1" data-bbox="242 1344 810 1512"> <tr> <td></td> <td>$2x^2$</td> <td>$-7x$</td> <td>4</td> </tr> <tr> <td>x</td> <td>$2x^3$</td> <td>$-7x^2$</td> <td>$4x$</td> </tr> <tr> <td>-3</td> <td>$-6x^2$</td> <td>$21x$</td> <td>-12</td> </tr> </table> $\Rightarrow a = 2, b = -7, c = 4$ | | $2x^2$ | $-7x$ | 4 | x | $2x^3$ | $-7x^2$ | $4x$ | -3 | $-6x^2$ | $21x$ | -12 | <p>Scála 10D (0, 4, 6, 8, 10)</p> <p>Glac le $2x^2 - 7x + 4$ mar fhreagra.</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Leagan amach iolrúcháin (Modh 1) • Leagan amach roinnte (Modh 2) • Leagan amach eagair (Modh 3) le $2x^3$ nó -12 curtha isteach i gceart <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • 1 chomhéifeacht ceart <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • 2 chomhéifeacht ceart • Freagra ceart gan obair |
| | $2x^2$ | $-7x$ | 4 | | | | | | | | | | | |
| x | $2x^3$ | $-7x^2$ | $4x$ | | | | | | | | | | | |
| -3 | $-6x^2$ | $21x$ | -12 | | | | | | | | | | | |

| C13 | Réiteach Samplach – 15 Mharc | Nótaí Marcála |
|-----|---|---|
| | <p>Is iad pointí ar $y = x - 1$ $(-2, -3)$ agus $(2, 1)$.</p>  | <p>Scála 15D (0, 7, 9, 12, 15)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas do 1 ghraf, mar shampla: 1 phointe faighte, le hobair thacaíochta; nó y-idirlíne ceart; nó fána ceart don líne; nó dhá phointe ceart ar ghraf. <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • 1 ghraf ceart agus obair lena mbaineann fiúntas ar 1 ghraf eile. • Obair lena ngabhann fiúntas ar gach ceann de na 3 ghraf. <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • 2 ghraf ceart agus obair lena mbaineann fiúntas ar an 3ú graf • 5 phointe breactha síos do gach ceann de na 3 ghraf <p><i>Creidiúint Iomlán – 1</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuir * leis le haghaidh pointe amháin breactha go mícheart |
| | <p>Is iad na pointí ar $y = 2 - x^2$:</p> <p>$(-2, -2)$; $(-1, 1)$; $(0, 2)$; $(1, 1)$; $(2, -2)$.</p>  | <p>Is iad na pointí ar $y = 2^x$:</p> <p>$(-2, 0.25)$; $(-1, 0.5)$; $(0, 1)$; $(1, 2)$; $(2, 4)$.</p>  |

| C14 | Réiteach Samplach – 20 Marc | Nótaí Marcála |
|-------------|--|--|
| (a), (c) | <p>(a) $360 + 180 = 540^\circ$</p> <p>(c) $540 + 180 = 720^\circ$</p> <p>(c) $\frac{360}{4} = 90^\circ$</p> <p>$\frac{540}{5} = 108^\circ$</p> <p>$\frac{720}{6} = 120^\circ$</p> | <p>Scála 10D (0, 4, 6, 8, 10)</p> <p>Glac le freagraí cearta gan aonaid (siombail na céime)</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • 1 de na 5 luach ceart. <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • (a) nó (c) ceart. <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • (a) nó (c) ceart, agus 1 luach ceart sa chuid eile. |
| (b) | <p>$180(n - 2)$ [céimeanna]</p> <p>NÓ</p> <p>$180n - 360$ [céimeanna]</p> | <p>Scála 5B (0, 2, 5)</p> <p>Glac le freagra ceart gan aonaid.</p> <p>Glac le foirmle i bhfocail.</p> <p><i>Páirtchreidiúint</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla: $180n$, nó $360n - 360$. |
| (d) | <p>$\frac{180(n-2)}{n}$ [céimeanna]</p> <p>NÓ</p> <p>$\frac{180n-360}{n}$ [céimeanna]</p> | <p>Scála 5B (0, 2, 5)</p> <p>Glac le freagra ceart gan aonaid.</p> <p>Glac le foirmle i bhfocail.</p> <p><i>Páirtchreidiúint</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla: $\frac{k}{n}$, $k \in \mathbb{R}$. |

| C15 | Réiteach Samplach – 5 Mharc | Nótaí Marcála |
|-----|--|--|
| | <p>Freagra: C</p> <p>Cúis: Tá níos x mó ná luach amháin ag cuid de na y luachanna <i>nó cúis bhailí ar bith eile</i></p> | <p>Scála 5B (0, 2, 5)</p> <p><i>Páirtchreidiúint</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • C tugtha mar fhreagra • Taispeántar tuiscint ar ghné ábhartha feidhme, mar shampla: líne ingearach tarraingthe. |

Páipéar 2

Struchtúr na scéime marcála

